C/2026/2819

21.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12294 — VAN LANSCHOT KEMPEN / KBC SECURITIES / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2819)

1. An 11 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Van Lanschot Kempen N.V. ('VLK', an Ísiltír), atá liostaithe ar Euronext Amstardam;

— KBC Securities NV ('KBCS', an Bheilg), faoi rialú KBC Bank NV, atá faoi rialú KBC Group NV, atá liostaithe ar Euronext Brussels.

Gheobhaidh VLK agus KBCS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chomhfhiontar nuachruthaithe (an 'JV', an Ísiltír), lena gcomhcheanglófar gníomhaíochtaí forghníomhaithe idirbheart i leith margaí caipitil cothromais agus gníomhaíochtaí díolacháin, trádála agus taighde cothromais VLK agus KBCS, ar gníomhaíochtaí iad a bhí ann cheana.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir rachmais é VLK atá speisialaithe i mbaincéireacht phríobháideach, i mbainistiú infheistíochta agus i mbaincéireacht infheistíochta (lena n-áirítear airgeadas corparáideach agus seirbhísí reatha margaí caipitil cothromais, díolacháin cothromais, trádála, agus taighde cothromais VLK),

— Is soláthraí seirbhísí airgeadais é KBCS atá gníomhach san airgeadas corparáideach, i maoiniú éadála, i margaí iasachtaí agus fiachais, i seirbhísí infheistíochta, i seirbhísí cothromais, i maoiniú onnmhairiúcháin agus i maoiniú tionscadail. Is cuid de KBC Group, banc-árachóir Beilgeach, é KBCS.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar:

soláthar seirbhísí margaí caipitil cothromais, seirbhísí díolacháin cothromais agus trádála agus seirbhísí taighde cothromais.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12294 — VAN LANSCHOT KEMPEN / KBC SECURITIES / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË